



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

23 Eanáir 2025*

(Achomharc – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 – Airteagal 4 – Marcanna a fhéadfar a bheith i dtrádmharc de chuid an Aontais – Iarratas ar shuíomh-mharc tadhlaigh a chlárú lena léirítear ionsáiteán sláintíochta sorcóireach – Airteagal 7 – Dearbhfhórais le diúltú – Oibleagáid scrúdú a dhéanamh roimh ré ar fhoras le diúltú a leagtar síos in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009 – Neamhláithreach – Rialachán (AE) 2017/1001 – Airteagal 72(3) – Cumhacht na Cúirte Ginearálta cinneadh an Bhoird Achomhairc a athrú – Teorainneacha)

I gCás C-93/23 P,

ACHOMHARC de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 17 Feabhra 2023,

Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), dá ndéanann D. Hanf, T. Klee agus E. Markakis, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

iarratasóir,

an páirtí eile sna himeachtaí:

Neoperl AG, a bunaíodh in Reinach (an Eilvéis), dá ndéanann C. Mertzlufft-Paufler, M. Nielen agus C. Schrempp, Rechtsanwälte, ionadaíocht,

iarratasóir ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, E. Regan, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 12 Meán Fómhair 2024,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Trína achomharc, iarrann Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) go gcuirfí ar neamhní breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 7 Nollaig 2022, *Neoperl v EUIPO (Léiriú ar ionsáiteán sláintíochta sorcóireach)* (T-487/21, ‘an breithiúnas atá faoi achomharc’, EU:T:2022:780), lenar chuir an Chúirt Ghinearálta cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 3 Meitheamh 2021 ar neamhní (Cás R 2327/2019-5) maidir le clárú de shuíomh-mharc tadhlach lena léirítear ionsáiteán sláintíochta sorcóireach mar thrádmharc de chuid an Aontais (‘an cinneadh atá faoi chonspóid’).

An dlí lena mbaineann

Rialachán Uimh. 207/2009,

- 2 Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis an trádmharc Comhphobail (IO 2009 L 78, lch. 1), arna leasú le Rialachán (AE) 2015/2424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 (IO 2015 L 341, lch. 21), (‘Rialachán Uimh. 207/2009’), in Airteagal 4, dar teideal ‘Marcanna a fhéadfar a bheith i dtrádmharc de chuid an Aontais’:

‘Is éard a fhéadfaidh a bheith i dtrádmharc [de chuid an Aontais Eorpaigh] marcanna ar bith ar féidir iad a léiriú go grafach, go háirithe focail, lena n-áirítear ainmneacha pearsanta, dearáí, litreacha, uimhreacha, cruth earraí nó cruth a bpacáistíochta, ar choinníoll go bhfuil marcanna den sórt sin in ann earraí nó seirbhísí gnóthais amháin a idirdhealú ó earraí nó seirbhísí gnóthais eile.’

- 3 Foráiltear le hAirteagal 7 de Rialachán Uimh. 207/2009, dar teideal ‘Dearbhfhórais le diúltú’:

‘1. Ní chlárófar na nithe seo a leanas:

- a) marcanna nach gcomhlíonann ceanglais Airteagal 4;
- b) trádmharcanna nach bhfuil aon saintréith ag roinnt leo;
- c) trádmharcanna nach bhfuil iontu ach marcanna nó sonrúcháin a fhéadfaidh feidhmiú, sa trádáil, chun cineál, cáilíocht, cainníocht, cuspóir beartaithe, luach, tionscnamh geografach nó am táirgeachta na n-earraí nó sholáthar na seirbhíse, nó tréithe eile na n-earraí nó seirbhísí, a ainmniú;
- d) trádmharcanna nach bhfuil iontu ach marcanna nó sonrúcháin atá tar éis éirí ina ngnáthchleachtas sa teanga reatha nó i gcleachtais *bona fide* agus sheanbhunaithe na trádála;
- e) marcanna nach bhfuil iontu ach an méid seo a leanas amháin:
 - i) an cruth, nó saintréith eile, a thagann ó nádúr na n-earraí iad féin;
 - ii) cruth na n-earraí, nó saintréith eile na n-earraí, atá riachtanach chun toradh teicniúil a fháil;

iii) an cruth, nó saintréith eile, a thugann luach substaintiúil do na hearraí;

- f) trádmarcanna atá ar neamhréir le beartas poiblí nó le prionsabail na moráltachta a bhfuil glacadh leo go forleathan;
- g) trádmarcanna de chineál a chuirfeadh dallamullóg ar an bpobal, mar shampla maidir le cineál, cáilíocht nó tionscnamh geografach na n-earraí nó na seirbhísí;
- h) trádmarcanna nach bhfuil údaraithe ag na húdaráis inniúla agus atá le diúltú de bhun Airteagal 6ter de Coinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint [a síníodh i bPáras an 20 Márta 1883, a athbhreithníodh go deireanach i Stócólm an 14 Iúil 1967 agus a leasaíodh an 28 Meán Fómhair 1979 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 828, Uimh. 11851, lch. 305)], ('Coinbhinsiún Pháras');
- i) trádmarcanna a chuimsíonn suaitheantais, feathail nó scéithíní seachas iad sin a chumhdaítear faoi Airteagal 6ter de Coinbhinsiún Pháras agus a bhfuil leas ar leith ag an bpobal iontu, ach amháin más rud é gur thoiligh an t-údarás inniúil lena chlárú;
- j) trádmarcanna a eisiatar ó chlárú, de bhun reachtaíocht an Aontais nó dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas nó an Ballstát lena mbaineann, lena bhforáiltear do chosaint ainmniúchán tionscnaimh agus tasc geografach;
- k) trádmarcanna a eisiatar ó chlárú de bhun reachtaíocht an Aontais nó comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas, lena bhforáiltear do chosaint téarmaí traidisiúnta le haghaidh fíona;
- l) trádmarcanna a eisiatar ó chlárú de bhun reachtaíocht an Aontais nó comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas, lena bhforáiltear do chosaint sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht;
- m) trádmarcanna ina bhfuil, nó a atáirgteann ina ngnéithe bunriachtanacha, ainmníocht cineáil planda a bhí ann cheana agus a cláraíodh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais nó dlí náisiúnta, nó comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas nó an Ballstát lena mbaineann, lena bhforáiltear do chosaint ceart maidir le cineálacha plandaí, agus a bhaineann le cineálacha plandaí den speiceas céanna nó de speiceas neasghaolmhar.

[...]

[Aistriúcháin neamhoifigiúil]

- 4 Foráiltear le hAirteagal 26(1)(d) agus (3) den Rialachán sin, dar teideal 'Coinníollacha atá le comhlíonadh leis an iarratas':

'1. Ní mór an méid seo a leanas a bheith san iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais:

[...]

d) léiriú ar an trádmharc.

[...]

3. Ní mór don iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme dá dtagraítear in Airteagal 162(1) a chomhlíonadh [...]

[Aistriúcháin neamhoifigiúil]

Rialachán (AE) 2017/1001

5 Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2017, rinneadh Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, lch. 1) a aisghairm agus a ionadú le Rialachán Uimh. 207/2009.

6 Foráiltear le hAirteagal 31(1)(d) de Rialachán 2017/1001, dar teideal ‘Coinníollacha nach mór do na hiarratais iad a chomhlíonadh’:

‘1. Beidh na nithe seo a leanas in iarratas ar thrádmharc de chuid [an Aontas Eorpach]:

[...]

d) léiriú ar an marc, a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4(b).

[...]

3. Le cois na gcoinníollacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, comhlíonfaidh iarratas ar thrádmharc de chuid AE na coinníollacha foirmiúla a leagtar síos sa Rialachán seo agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun. Más rud é go bhforáiltear leis na coinníollacha sin go bhfuil an trádmharc le léiriú go leictreonach, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin formáidí agus uasmhéid comhaid leictreonaigh den sórt sin a shocrú.’

7 Foráiltear le hAirteagal 41(1)(2) agus (4) de Rialachán 2017/1001, dar teideal ‘Scrúdú ar choinníollacha an chomhdaithe’:

‘1. Déanfaidh [EUIPO] scrúdú:

[...]

b) an gcomhlíonann an t-iarratas ar thrádmharc de chuid [an Aontais Eorpaigh] na coinníollacha agus na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 31(3);

[...]

2. I gcás nach sáraíonn an t-iarratas ar thrádmharc de chuid AE na ceanglais dá dtagraítear i mír 1, iarrfaidh [EUIPO] ar an iarratasóir na heasnamh nó an mhainneachtain íocaíochta a réiteach laistigh de 2 mhí ón bhfógra a fháil.

[...]

4. Mura ndéantar na heasnamh arna mbunú de bhun mhír 1(b) a réiteach laistigh den tréimhse fhorordaithe, diúltóidh [EUIPO] don iarratas.’

8 Foráiltear le hAirteagal 71 den Rialachán sin, dar teideal ‘Cinntí i ndáil le hachomhairc’:

‘1. Tar éis scrúdú a dhéanamh maidir leis an achomharc a bheith incheadaithe nó gan bheith, déanfaidh an Bord Achomhairc cinneadh ar an achomharc. Féadfaidh an Bord Achomhairc aon chumhacht laistigh d’inniúlacht an rannáin a bhí freagrach as an gcinneadh a ndearnadh achomharc air a fheidhmiú, é sin nó an cás a tharchur chuig an rannán sin chun ionchúiseamh breise a dhéanamh air.

2. Má dhéanann an Bord Achomhairc an cás a tharchur chun ionchúiseamh breise a dhéanamh air chuig an rannán a ndearnadh achomharc ar a chinneadh, beidh an rannán sin faoi cheangal ag an *ratio decidendi* céanna leis an mBord Achomhairc, sa [mhéid] agus gurb ionann na fíricí.

3. Ní bheidh éifeacht ag cinntí ón mBord Achomhairc ach amháin ó dháta na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 72(5) a bheith caite nó, más rud é go bhfuil caingean tugtha os comhair na Cúirte Ginearálta laistigh den tréimhse sin, amhail ón dáta a dhífeáir caingean den sórt sin nó ó dháta aon achomhairc a chomhdaítear leis an gCúirt Bhreithiúnais i gcoinne an chinnidh ón gCúirt Ghinearálta.’

9 Faoi Airteagal 72 den Rialachán sin, dar teideal ‘Caingne os comhair na Cúirte Breithiúnais’:

‘1. Féadfar caingne a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta i gcoinne chinntí na mBord Achomhairc maidir le hachomhairc.

2. Féadfar an caingean a thabhairt ar fhorais easpa inniúlachta, sárú ar cheanglas riachtanach nós imeachta, sárú ar CFAE, sárú ar an Rialachán seo nó ar aon riail dlí a bhaineann lena gcur i bhfeidhm nó le mí-úsáid cumhachta.

3. Beidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun an cinneadh a chonspóidtear a chur ar neamhní nó a athrú.

4. Beidh an caingean oscailte d’aon pháirtí sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc a n-imríonn cinneadh an Bhoird drochthionchar air.

5. Tabharfar an chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta laistigh de 2 mhí ón dáta a dtugtar fógra faoin gcinneadh ón mBord Achomhairc.

6. Glacfaidh an Oifig gach beart is gá chun breithiúnas na Cúirte Ginearálta nó, i gcás achomhairc i gcoinne an bhreithiúnais sin, breithiúnas na Cúirte Breithiúnais, a chomhlíonadh.’

10 Foráiltear le hAirteagal 94 den Rialachán sin, dar teideal ‘Cinntí agus teachtaireachtaí [EUIPO]’:

‘1. Luafar i gcinntí EUIPO na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe. Is ar chúiseanna agus fianaise amháin ar a raibh deis ag na páirtithe a gcuid tráchtanna a chur i láthair a bhunófar iad beag beann ar aon rud eile. [...]

[...]

- 11 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 95 den Rialachán sin, dar teideal ‘Scrúdú na hOifige ar fhíorais as a stuaim féin’:

‘1. In imeachtaí os a comhair scrúdóidh [EUIPO] na fíorais as a stuaim féin; [...]
[...]


- 12 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 159 den Rialachán sin, dar teideal ‘Inniúlacht’:

‘Chun cinntí a dhéanamh i ndáil leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, is iad seo a leanas a bheidh inniúil:

- a) scrúdaitheoirí;
- b) Rannáin Freasúra;
- c) aon roinn atá i bhfeighil ar an gClár;
- d) Rannáin Chealúcháin;
- e) Boird Achomhairc;
- f) aon aonad nó duine eile arna cheapadh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dá réir sin.’

Cúlra na díospóide

- 13 Tá cúlra na díospóide leagtha amach i míreanna 2 go 11 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus, chun críocha na n-imeachtaí seo, is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas.
- 14 An 1 Meán Fómhair 2016, chomhdaigh Neoperl AG iarratas le EUIPO ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh a chlárú faoi Rialachán Uimh. 207/2009 i ndáil leis an marc seo a leanas:



- 15 San iarratas ar chlárú, rinneadh cur síos ar an marc atá i gceist mar ‘shuíomh-mharc tadhlach’ agus rinneadh cur síos air mar seo a leanas:

‘Is suíomh-mharc tadhlach é an marc. Baineann an chosaint a dhéantar iarratas ina leith le struchtúr, atá ag taobh amháin d’ionsáiteán sláintíochta sorcóireach, deartha le haghaidh sruth uisce, a threoraítear amach agus a chaitear ó bhonn doshínte, agus an struchtúr sin comhdhéanta de shaighid chiorclacha, chomhlárnacha agus leaisteacha de chúpla milliméadar ar airde thar dhromchla iomlán an taoibh sin, agus lenar féidir na saighid leaisteacha a lúbadh trí mhéar a bhrú i gcoinne nó taobh leis an mbonn. Ní éilítear aon chosaint don chuid eile d’imlíne na heiliminte den ionsáiteán, arna taispeáint le líne breactha sa léiriú.’
- 16 Is in aicme 11 de Chomhaontú Nice a bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha an Chláraithe Marcanna an 15 Meitheamh 1957, arna athbhreithniú agus arna leasú, atá na hearraí ar iarradh clárú ina leith, agus freagraíonn siad don tuairisc seo a leanas: ‘Eilimintí sláintíochta atá le hionsá, go háirithe rialtáin sreibhe agus foirmeáin sreibhe’.
- 17 Cuireadh i gcoinne an chláraithe mar gheall ar fhorais fhoirmiúla le diúltú cláraithe dá bhforáiltear le hAirteagal 26(1)(d) de Rialachán Uimh. 207/2009 (Airteagal 31(1)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 2017/1001 anois), arna léamh i gcomhar le Riail 9(3)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 2868/95 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 1995 maidir leis na modhanna chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 40/94 ón gComhairle maidir le trádmharc an Chomhphobail (IO 1995 L 303, lch. 1) (Airteagal 41(2) de Rialachán (CE) Uimh. 2017/1001 anois), ós rud é, ‘nach nglacann [EUIPO], go ginearálta, le marcanna tadhlacha’. [Aistriúchán neamhoifigiúil] Moladh, dá bhrí sin, go ndéanfaidh an t-iarratasóir an marc a ndearnadh iarratas air a athaicmiú mar ‘shuíomh-mharc’.
- 18 Le litir dar dáta an 22 Nollaig 2016, dhiúltaigh Neoperl an marc a ndearnadh iarratas ina leith a athaicmiú agus d’áitigh sé, ina leith sin, go n-aicmeofaí é mar ‘shuíomh-mharc tadhlach’ agus ar an tuairisc a ghabhann leis, a leagtar amach i mír 15 den bhreithiúnas seo.
- 19 Le cinneadh an 11 Deireadh Fómhair 2019, dhiúltaigh an scrúdaitheoir don iarratas céanna ar chlárú ar bhonn Airteagal 41(4) de Rialachán 2017/1001, arna léamh i gcomhar, go háirithe, le hAirteagail 4 agus 31(3) den Rialachán sin, ar fhorais fhoirmiúla, a mhéid, go bunúsach, nach raibh an t-iarratas, a lorg clárú de mharc tadhlach, beacht go leor de réir bhrí na bhforálacha sin.
- 20 An 16 Deireadh Fómhair 2019, thaisc Neoperl achomharc le EUIPO i gcoinne chinnidh an scrúdaitheora.
- 21 Le teachtaireacht ón rapóirtéir an 3 Lúnasa 2020, chuir an Cúigiú Bord Achomhairc de EUIPO in iúl do Neoperl, gan beann ar cibé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an t-iarratas ar chlárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ar an marc atá i gceist ceanglais Airteagal 31 de Rialachán 2017/1001, gur mheas sé go raibh an dearbhfhóras le diúltú dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin ábhartha sa chás seo agus nach raibh aon saintréith ar leith ag baint leis an marc a ndearnadh iarratas air, de réir bhrí na forála deiridh sin.
- 22 An 3 Márta 2021, chuir Neoperl a bharúlacha isteach maidir leis an teachtaireacht sin an 3 Lúnasa 2020.

- 23 Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, chinn an Cúigiú Bord Achomhairc de EUIPO nach raibh saintréith ar leith ag baint leis an marc ar iarradh clárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ina leith de réir bhrí Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001 agus dhiúltaigh sé don achomharc.

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas faoi achomharc

- 24 Le hiarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 10 Lúnasa 2021, thionscain Neoperl caingean chun an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.
- 25 Mar thaca lena chaingean, d'ardaigh Neoperl dhá shaincheist dlí. Leis an gcéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001, mhaígh Neoperl, go bunúsach, nár chuir an Bord Achomhairc gnéithe áirithe an trádmharc a ndearnadh iarratas ina leith san áireamh go leordhóthanach. Chinn Neoperl, murab ionann agus cinneadh an Bhoird Achomhairc, go raibh saintréith ag baint leis an marc atá i gceist.
- 26 Leis an dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an gcéad abairt d'Airteagal 95(1) de Rialachán 2017/1001, d'áitigh Neoperl, go bunúsach, má mhaígh an Bord Achomhairc nach raibh an tuiscint thadhhlach arna léiriú leis an marc atá i gceist ach beagán difriúil leis an tuiscint a tháinig as struchtúr traidisiúnta doshínte, nár thug sé dóthain fianaise ar aird chun tacú leis an dearbhú sin, in ainneoin a oibleagáid fíorais den sórt sin a scrúdú *ex officio* le linn an scrúdaithe ar na dearbhfhórais le diúltú.
- 27 I míreanna 14 go 17 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, thug an Chúirt Ghinearálta réamhbharúlacha maidir leis na forálacha is infheidhme maidir leis an díospóid.
- 28 Tar éis di a thabhairt dá haire go raibh an dáta a comhdaíodh an t-iarratas ar chlárú an mhairc atá i gceist mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh, eadhon an 1 Meán Fómhair 2016, cinntitheach chun an dlí substainteach is infheidhme a shainaithint chun scrúdú a dhéanamh an raibh dearbhfhórais le diúltú ann, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh an díospóid faoi rialú ag forálacha substainteacha Rialachán Uimh. 207/2009, dá bhrí sin, i gcás inarb iomchuí, toisc gur eascair na forálacha substainteacha sin as na leasuithe a rinneadh le Rialachán 2015/2424.
- 29 I ndáil leis sin, shonraigh an Chúirt gur foráladh le hAirteagal 4 de Rialachán 2015/2424 go dtiocfadh an Rialachán sin i bhfeidhm an 23 Márta 2016, ach nach mbeadh feidhm ag forálacha áirithe de Rialachán Uimh. 207/2009, lena n-áirítear Airteagal 4 agus Airteagal 26(3), ach amháin ón 1 Deireadh Fómhair 2017.
- 30 Chinn an Chúirt, dá bhrí sin, sa chás seo, maidir leis na rialacha substainteacha, go raibh Airteagal 4 agus Airteagal 26(3) de Rialachán Uimh. 207/2009, sa leagan a bhí infheidhme roimh an leasú a rinneadh le Rialachán 2015/2424, agus Airteagal 7 de Rialachán Uimh. 207/2009, infheidhme. Dúirt sí freisin, áfach, maidir leis an Airteagal deireanach sin, nach raibh toradh difriúil ar chur i bhfeidhm *ratione temporis* Rialachán Uimh. 207/2009 maidir le scrúdú a dhéanamh ar an gcaingean a tugadh os a comhair, ós rud é nár bhain na leasuithe a rinneadh le Rialachán 2015/2424 le forálacha Airteagal 7(1)(a) agus (b) de Rialachán Uimh. 207/2009, arb iad na forálacha ábhartha amháin sa chás seo iad. Chinn an Chúirt Ghinearálta, dá bhrí sin, sa chás seo, maidir leis na rialacha substainteacha, nár mhór a mheas, i ndáiríre, gur tagairtí

d’Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 iad na tagairtí a rinne an Bord Achomhairc sa chinneadh atá faoi chonspóid agus Neoperl san iarratas ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001, agus go raibh forálacha comhionanna ag an dá fhoráil dheireanacha sin.

- 31 Ar deireadh, shonraigh an Chúirt Ghinearálta, a mhéid a measadh go ginearálta go raibh feidhm ag na rialacha nós imeachta ar an dáta a tháinig siad i bhfeidhm, go raibh an díospóid á rialú ag forálacha nós imeachta Rialachán 2017/1001, agus an Rialachán sin i bhfeidhm tráth a glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid.
- 32 Agus measúnú á dhéanamh aici ar an gcaingean, thosaigh an Chúirt Ghinearálta ag meabhrú, go bunúsach, i míreanna 20 go 22 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur dhiúltaigh an scrúdaitheoir don iarratas ar chlárú an mhairc atá i gceist mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ar bhonn Airteagal 41(4) de Rialachán 2017/1001 agus gur chinn an Bord Achomhairc gan scrúdú a dhéanamh ach amháin ar an dearbhfhóras le diúltú ar chlárú a leagtar síos in Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009, ag léiriú nach raibh sé ábhartha ar cheart clárú an mhairc atá i gceist a dhiúltú de bhun Airteagal 41(4) de Rialachán 2017/1001, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009 (anois, tar éis leasú, Airteagal 4 de Rialachán 2017/1001), nó i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, a mhéid a bhí sé leordhóthanach d’fhóras le diúltú dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Rialachán sin cosc a chur ar an gclárú sin.
- 33 Ar an gcéad dul síos, ar na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 20 go 49 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d’ardaigh an Chúirt Ghinearálta *ex officio*, an tsaincheist dlí lena n-éilítear sárú ar raon feidhme an dlí.
- 34 I ndáil leis sin, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 24 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, cé gur féidir, nó nach mór fiú, saincheisteanna áirithe a ardú *ex officio*, nach féidir le Cúirteanna an Aontais Eorpaigh scrúdú a dhéanamh ar shaincheist dlí a bhaineann le dlíthiúlacht shubstainteach an chinnidh atá faoi chonspóid ach amháin má ardaíonn an t-achomharcóir í, *quod non* sa chás seo. Chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl freisin, i mír 25 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, de réir an chásdlí sin, cé nach mór di rialú a thabhairt ach amháin ar iarraidh ó na páirtithe, atá freagrach as comhthéacs na díospóide a shainiú, nach féidir le Cúirteanna an Aontais a bheith faoi cheangal ag na hargóintí ar a bhfuil siad ag brath mar thaca lena n-éilimh aonair, mura bhfuil oibleagáid orthu, i gcás inarb iomchuí, a gcinneadh a bhunú ar bhreithnithe dlí earráideacha. I mír 26 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil an cumas ag an gCúirt Ghinearálta agus, i gcás inarb iomchuí, go bhfuil an oibleagáid ar Chúirteanna an Aontais, saincheisteanna dlíthiúlachta inmheánaí ar leith a ardú. I mír 27 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus í den tuairim gur ábhar beartais phoiblí í an tsaincheist dlí atá bunaithe ar raon feidhme an dlí, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh uirthi í a scrúdú *ex officio*. Chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl go ndéanfadh sí neamhaird ar a feidhm mar bhreitheamh dlíthiúlachta dá dteipfeadh uirthi a thabhairt faoi deara, fiú in éagmais aon agóide ó na páirtithe maidir leis an bpointe sin, gur glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid ar bhonn riail nach raibh infheidhme maidir leis an gcás seo agus, dá bhrí sin, go raibh uirthi rialú a thabhairt ar an díospóid a bhí os a comhair trí riail den sórt sin a chur i bhfeidhm í féin.
- 35 Ina dhiaidh sin, chinn an Chúirt Ghinearálta go hintuigthe, i mír 38 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur mhainnigh an Bord Achomhairc aird a thabhairt ar raon feidhme Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009 trína chinneadh gur mhainnigh an Bord Achomhairc go mícheart scrúdú a dhéanamh roimh scrúdú a dhéanamh ar Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin ar chomhlíon an marc ar iarradh clárú mar thrádmharc de chuid an Aontas

Eorpaigh ina leith na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán sin, lena n-áirítear go gcaithfear a bheith in ann ionadaíocht ghrafach a dhéanamh air agus, dá bhrí sin, ar ghá clárú a dhiúltú dó i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(a) den Rialachán sin. Ós rud é, faoi Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009, go ndiúltaítear ‘trádmharcanna’ nach bhfuil aon saintréith ag baint leo a chlárú, mheas an Chúirt Ghinearálta, i mír 36 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach féidir saintréith marc a mheasúnú, chun críocha a chlárú mar thrádmharc de chuid an Aontas Eorpaigh, go dtí go measfar gur trádmharc é de réir bhrí Airteagal 4 den Rialachán sin, is é sin le rá, tráth a measfar go bhféadfaí é a léiriú go grafach.

- 36 Ar an dara dul síos, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 50 go 61 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar chomhlíon an mharc atá faoi chonspóid, sa chás seo, na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009 agus, dá bhrí sin, an raibh an dearbhfhóras le diúltú a leagtar amach in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009 in ann a chur i bhfeidhm.
- 37 I ndáil leis sin, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, i mír 57 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach raibh an imprisean tadhlaigh arna léiriú leis an marc atá faoi chonspóid soiléir go beacht agus go hiomlán ó léiriú grafach an mhaire sin féin, ach, ar a mhéad, ón tuairisc a ghabhann leis. Dá bhrí sin, de réir na Cúirte Ghinearálta, ní hamháin nár chuidigh an cur síos sin le hábhar agus raon feidhme na cosanta atá á lorg faoi dhlí na dtrádmharcanna a shonrú, de réir bhrí chásdlí na Cúirte Breithiúnais, ach, a mhalairt ar fad, d’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le hamhras maidir le hábhar agus raon feidhme an léirithe ghrafaigh sin le hiarracht a dhéanamh chun cuspóir na cosanta arna iarraidh a leathnú. Dá bhrí sin, i mír 58 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nár chomhlíon an marc atá faoi chonspóid na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009 agus go raibh a chlárú contrártha leis an dearbhfhóras le diúltú a leagtar amach in Airteagal 7(1)(a) den Rialachán sin.
- 38 I mír 60 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, thug an Chúirt Ghinearálta le fios ón méid sin nach raibh Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 infheidhme maidir leis an measúnú ar an iarratas ar chlárú an mhaire atá i gceist mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh an Bord Achomhairc an fhóráil sin a chur i bhfeidhm go dlíthiúil chun an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh.
- 39 Leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc, chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní.

Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na horduithe atá á lorg ag na páirtithe san achomharc

- 40 Le doiciméad arna thaisceadh ar an dáta céanna leis an achomharc seo, d’iarr EUIPO, de bhun Airteagal 170a(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, go ligfear dá achomharc dul ar aghaidh, i gcomhréir leis an tríú mír d’Airteagal 58a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- 41 Le hordú an 11 Iúil 2023, *EUIPO v Neoperl* ceadaíodh don achomharc dul ar aghaidh (C-93/23 P, EU:C:2023:601).
- 42 Iarrann EUIPO ar an gCúirt Bhreithiúnais:
- an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

- an chaingean arna tionscnamh i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid a dhíbhe; agus
- a ordú do gach páirtí a chostais féin a íoc.

43 Iarrann Neoperl ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- seasamh leis an achomharc a mhéid a fhéachann sé leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus an chuid eile den achomharc a dhíbhe;
- a dhearbhu go bhfuil an breithiúnas ar neamhní ar an mbonn nár cuireadh an phléadail a d’aitigh an cosantóir san áireamh lena líomhnaítear sárú, a rinne EUIPO, ar Airteagal 71(1) de Rialachán 2017/1001, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(a) de Rialachán 207/2009 agus le hAirteagal 94(1) de Rialachán 2017/1001;
- na himeachtaí a tharchur ar ais chuig EUIPO chun scrúdú a dhéanamh den chéad uair ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4, agus
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

An t-achomharc

- 44 Ardaíonn EUIPO saincheist dlí aonair chun tacú lena achomharc.

Argóintí na bpáirtithe

- 45 Mar thaca lena achomharc, maíonn EUIPO saincheist dlí aonair, lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 72(3) de Rialachán Uimh. 2017/1001. Tá an saincheist dlí aonair sin roinnte ina dhá chuid.
- 46 Leis an gcéad chuid den tsaincheist dlí aonair, maíonn EUIPO gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta teorainneacha a dlínse a leagtar síos in Airteagal 72(3) de Rialachán 2017/1001 trí scrúdú a dhéanamh *ex officio* agus ag teacht salach ar éileamh Neoperl, ar infheidhmeacht an dearbhfhoris le diúltú a leagtar amach in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 den Rialachán sin. Go háirithe, measann EUIPO gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i mír 47 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur ‘réamhcheist’ í an cheist ar chomhlíon an marc atá faoi chonspóid na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009, lena n-áirítear an cheist an bhféadfaí é a léiriú go grafach, a raibh gá lena réiteach chun scrúdú a dhéanamh ar na saincheistean dlí sa chaingean lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin agus ar Airteagal 95(1) de Rialachán 2017/1001.
- 47 Leis an dara cuid den tsaincheist dlí seo, cáineann EUIPO gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta teorainneacha a dlínse a leagtar síos in Airteagal 72(3) trí rialú a thabhairt uaithi féin ar choinníollacha substainteacha an dearbhfhoris le diúltú sin a leagtar amach in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, nár scrúdaigh an Bord Achomhairc go sainráite sa chinneadh atá faoi chonspóid, in ionad an chinnidh sin, lena ndéantar, i míreanna 50 go 58 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus athrú *de facto* a dhéanamh air, agus tuillteanais na coda oibríochtúla den chinneadh sin á dheimhniú.

- 48 Leis an athrú neamhdhleathach sin ar an gcinneadh atá faoi chonspóid, sháraigh an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, an chumhacht athbhreithnithe bhunaidh a tugadh don Bhord Achomhairc chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaingean a tugadh os a comhair, arna bunú ag reachtóir an Aontais Eorpaigh. Ina dhiaidh sin, bhainfí an bonn de chumhacht bhunaidh shonrach an Bhoird Achomhairc gan é féin a theorannú d'athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an scrúdaitheora (an dara hipitéis sa dara habairt d'Airteagal 71(1) de Rialachán 2017/1001), ach freisin, i gcás inarb iomchuí, cumhachtaí an scrúdaitheora a fheidhmiú (an chéad hipitéis den dara habairt d'Airteagal 71(1) de Rialachán 2017/1001), lena n-áirítear, *inter alia*, an fhéidearthacht anailís níos mionsonraithe nó níos iomláine a dhéanamh ar na fíorais nach ndearna an scrúdaitheoir measúnú orthu go fóill. Ar deireadh, sháraigh an Chúirt Ghinearálta an chosaint dhlíthiúil a ráthaíonn reachtóir an Aontais don iarratasóir ag an gcéad chéim.
- 49 In aon chás, cuirtear an breithiúnas atá faoi achomharc ó bhail le 'neamhréireacht inmheánach' a fhágann nach féidir le EUIPO é a chur chun feidhme. Tá an neamhréireacht sin bunaithe ar an bhfíoras nár athfhoirmligh an Chúirt Ghinearálta an cinneadh atá faoi chonspóid go foirmiúil ná nár dhiúltaigh sí don chaingean, d'ainneoin gur dheimhnigh sí go beacht tuillteanais na coda oibríochtúla trí bhunús dlí an chinnidh sin a ionadú.
- 50 Ina fhreagra, ní chuireann Neoperl i gcoinne fhiúntas na saincheiste dlí aonair a d'ardaigh EUIPO, lena n-éilítear gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 72(3) de Rialachán 2017/1001. Dála EUIPO, measann Neoperl gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta na teorainneacha ar a dlínse a leagtar síos leis an bhforáil sin trína chinneadh go raibh dlínse shubstainteach aici, den chéad uair, scrúdú a dhéanamh ar Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 den Rialachán sin, agus rialú a thabhairt ar shubstaint an Bhoird Achomhairc. Aontaíonn Neoperl freisin le hargóintí EUIPO maidir le sárú ar an gcosaint dhlíthiúil arna ráthú ag reachtóir an Aontais, ós rud é go ndéanann cinntí na Cúirte Ghinearálta a leagtar amach i míreanna 47 go 58 den bhreithiúnas atá faoi achomharc dochar do cheart Neoperl éisteacht a fháil. Dá bhrí sin, ba cheart an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal agus an cas a tharchur ar ais chuig EUIPO chun scrúdú iomlán a dhéanamh ar Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 den Rialachán sin.
- 51 Os a choinne sin, maidir leis an ngaol idir Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009, measann Neoperl go raibh sé de cheart ag an gCúirt Ghinearálta a chinneadh, go bunúsach, sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach mór ordú a urramú i gcomhthéacs an scrúdaithe ar na dearbhfhórais le diúltú sin, ionas nach mór na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na chéad fhorála a scrúdú ar dtús.
- 52 Ina fhreagra, cuireann EUIPO i gcoinne argóint Neoperl maidir le hordú den sórt sin a bheith ann chun scrúdú a dhéanamh ar na dearbhfhórais le diúltú a leagtar síos in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009, ag maíomh, go bunúsach, nach féidir a thuiscint ó fhoclaíocht, ó scéim agus ó chuspóir na forála sin gur gá go dtabharfaí le tuiscint ar dtús le scrúdú agus cur i bhfeidhm an dearbhfhórais le diúltú a leagtar síos i bpointe (b) den fhoráil sin na forais le diúltú a leagtar síos i bpointe (a) den fhoráil sin.
- 53 Ina athfhreagra, cuireann Neoperl in iúl, cé go measann sé, cosúil le EUIPO, go sáraítear Airteagal 72(3) de Rialachán Uimh. 2017/1001 leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc agus, dá bhrí sin, nach mór an fhoráil sin a chur ar neamhní, go measann sé nach gceadaítear go hiomlán le staid na n-imeachtaí breithiúnas críochnaitheach a thabhairt.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

- 54 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara gur comhdaíodh an t-iarratas ar chlárú an mhaire atá i gceist mar thrádmharc de chuid AE an 1 Meán Fómhair 2016. Dá bhrí sin, rialaítear an díospóid, ar an gcéad dul síos, le forálacha substainteacha Rialachán Uimh. 207/2009 agus, ar an dara dul síos, le forálacha nós imeachta Rialachán 2017/1001 (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 20 Meitheamh 2024, *EUIPO v Indo European Foods*, C-801/21 P, EU:C:2024:528, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

An chéad chuid den tsaincheist dlí amháin

- 55 Ar dtús, ní mór a mheabharrú go liostaítear in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009, i bpointí (a) go (m) de, na dearbhfhórais le diúltú chun marc a chlárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh.
- 56 Fiú más féidir roinnt de na fórais sin a chur i bhfeidhm ag an am céanna, tá na dearbhfhórais le diúltú atá liostaithe san Airteagal sin uathrialach, agus gach ceann acu neamhspleách ar na fórais eile agus is gá scrúdú ar leithligh a dhéanamh orthu (féach, de réir analaí, breithiúnais an 8 Aibreán 2003, *Linde agus páirtithe eile*, C-53/01 go C-55/01, EU:C:2003:206, mír 67, agus an 16 Meán Fómhair 2015, *Société des Produits Nestlé*, C-215/14, EU:C:2015:604, mír 46).
- 57 Sa chás seo, bhain an Chúirt Ghinearálta ó chomparáid idir Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009, ina dtagraítear do choinníoll léiriú grafach an mhaire atá i gceist, agus Airteagal 7 den Rialachán sin, nach mór idirdhealú a dhéanamh idir an téarma ‘marc’ agus an téarma ‘trádmharc’. Dá bhrí sin, i mír 36 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, ar bhonn mhír 46 de bhreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *M/S. Indeutsch International v EUIPO – 135 Kirkstall (Léiriú ar rachtáin idir dhá líne chomhthreomhara)* (T-124/20, EU:T:2021:668), nach bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar shaintréith mhaire, chun críocha a chláraíthe mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh, go dtí go bhfaighfear amach gur trádmharc é de réir bhrí Airteagal 4, is é sin le rá, tráth a measfar go bhféadfaí é a léiriú go grafach.
- 58 Úsáidtear an téarma ‘marc’ in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009 agus i bpointe (a) d’Airteagal 7(1) den Rialachán sin, cé go n-úsáidtear an téarma sin nó an téarma ‘trádmharcanna’ i bhforálacha eile Airteagal 7(1).
- 59 Mar sin féin, dá mba mhian le reachtóir an Aontais, tríd an idirdhealú téarmaíochta sin, ordú scrúdaithe a bhunú, i gcomhthéacs Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009, i bhfabhar an fhórais le diúltú dá dtagraítear i bpointe (a) den fhoráil sin, d’úsáidfadh sé go córasach an focal ‘trádmharc’ le haghaidh na bhforas eile go léir le diúltú, dá bhforáiltear i bpointí (b) go (m). Ní hamhlaidh atá, áfach, ós rud é go dtagraítear in Airteagal 7(1)(e) den Rialachán sin do ‘mharcanna’. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go n-úsáidtear an dá théarma sin go hidirmhalartach in Airteagal 7(1), rud a fhágann nach féidir lena n-úsáid mhalartach i bpointí (a) agus (b) den fhoráil sin léiriú a thabhairt ar rún reachtóir an Aontais tosaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an fhórais le diúltú dá dtagraítear i bpointe (a) thar chur i bhfeidhm na ndearbhfhórais le diúltú eile, lena n-áirítear go háirithe an ceann dá dtagraítear i bpointe (b).
- 60 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach léir ó aon ghné eile d’fhoclaíocht Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 nach mór aon ordú a urramú i gcomhthéacs an scrúdaithe ar na dearbhfhórais le diúltú dá bhforáiltear i bpointí (a) go (m) den fhoráil sin.

- 61 Dá bhrí sin, i gcomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chlárú, féadfaidh an Bord Achomhairc a mheas go bhfuil sé níos iomchuí, i gcásanna áirithe, anailís a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar an bhforas le diúltú a leagtar síos in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009 agus, i gcásanna eile, ar an bhforas le diúltú a leagtar síos in Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin, gan rogha den sórt sin an cinneadh a rinne an bord sin a chur ó bhail tar éis an scrúdaithe sin ar earráid dlí.
- 62 Go háirithe, i gcás nach féidir marc a léiriú go grafach, de réir bhrí Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 den Rialachán sin, ní gá scrúdú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin, an bhfuil saintréith ag an marc sin. Mar sin féin, tá a mhalairt chomh fíor chomh maith, ós rud é, i gcás nach bhfuil saintréith ar leith ag marc, de réir bhrí na forála deiridh sin, ní gá rialú a dhéanamh an bhféadfar nó nach bhféadfar é a léiriú go grafach.
- 63 Dá bhrí sin, ní sárú ar raon feidhme an dlí é an fíoras nár scrúdaigh an Bord Achomhairc ar dtús, sa chinneadh atá faoi chonspóid, an dearbhfhóras le diúltú a leagtar síos in Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 a leagtar amach in Airteagal 7(1)(a) den Rialachán sin.
- 64 Dá bhrí sin, i mír 38 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a cháin sí an Bord Achomhairc toisc nár scrúdaigh sí, sa chinneadh atá faoi chonspóid, an bhféadfadh an marc atá faoi chonspóid a bheith ina thrádmharc agus, dá bhrí sin, chinn sí nach raibh scrúdú den sórt sin ábhartha ar an bhforas nach raibh saintréith bainte amach ag an marc sin in aon chás. Agus í ag rialú ar an gcaoi sin, chinn an Chúirt Ghinearálta ordú atá le comhlíonadh i gcomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar na dearbhfhórais le diúltú dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009, nach raibh beartaithe ag reachtóir an Aontais ar chor ar bith.
- 65 Dá bhrí sin, ní mór seasamh leis an gcéad chuid den tsaincheist dlí aonair.

An dara cuid den tsaincheist aonair

- 66 Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar réamhphointe, nár luaigh an Chúirt Ghinearálta go foirmiúil sa bhreithiúnas atá faoi achomharc gur fheidhmigh sí a cumhacht athchóirithe, de bhonn Airteagal 72(3) de Rialachán 2017/1001. Go háirithe, sa chuid oibríochtúil den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta ach an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.
- 67 Mar sin féin, i míreanna 50 go 58 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, faoi fhotheideal a cuireadh i láthair mar fhotheideal a bhaineann le tuillteanais na saincheiste lena n-éilítear sárú ar raon feidhme an dlí, rialaigh an Chúirt Ghinearálta uaithi féin ar choinníollacha substainteacha an dearbhfhórais le diúltú a leagtar amach in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009 agus chinn sí, ar bhonn na forála sin, nach mór scrúdú a dhéanamh ar dtús ar chur i bhfeidhm an fhórais le diúltú lena mbaineann, nár chomhlíon an marc atá i gceist na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil sin. Dá bhrí sin, lean an Chúirt Ghinearálta uirthi chun an cinneadh atá faoi chonspóid a athrú go hintuigthe, ach le gá.
- 68 Ní mór a mheabhrú, faoi Airteagal 72(2) agus (3) de Rialachán 2017/1001, 'go mbeidh dlínse ag an gCúirt an cinneadh [ó Bhord Achomhairc EUIPO] a chur ar neamhní nó a athrú'.

- 69 Mar sin féin, níl sé d'éifeacht ag an gcumhacht sin chun cinntí a thugtar don Chúirt mar sin le hAirteagal 72(2) agus (3) an chumhacht a thabhairt don chúirt sin measúnú a dhéanamh nach bhfuil seasamh glactha ag an mBord Achomhairc ina leith go fóill. Tá feidhmiú na cumhachta sin chun cinntí a athrú teoranta do chásanna ina bhfuil an Chúirt Ghinearálta in ann, tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú a rinne an Bord Achomhairc, an cinneadh a ceanglaíodh ar an mBord Achomhairc a ghlacadh a chinneadh, ar bhonn na bhfioras agus an dlí mar atá suite (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Iúil 2011, *Edwin v OHMI*, C-263/09 P, EU:C:2011:452, mír 72, agus an 26 Meán Fómhair 2013, *Centrotherm Systemtechnik v centrotherm Clean Solutions*, C-609/11 P, EU:C:2013:592, mír 48).
- 70 Sa chás seo, ós rud é nár scrúdaigh an Bord Achomhairc na dearbhfhórais le diúltú a leagtar síos in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, cuireadh cosc ar an gCúirt Ghinearálta athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú an Bhoird Achomhairc agus, dá bhrí sin, athrú bailí a dhéanamh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid ina leith sin. B'ionann an t-athrú sin ar an gcinneadh atá faoi chonspóid, don Chúirt Ghinearálta, agus measúnú den chéad uair ar fhórais nó ar fhianaise nár scrúdaigh an Bord Achomhairc.
- 71 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 98 agus 99 dá Thuairim, is ionann feidhmiú den sórt sin ag an gCúirt Ghinearálta ar a cumhacht chun cinntí a athrú agus neamhaird fhollasach ar an gcreat institiúideach ceangailteach a bhfuil an chumhacht chun cinntí a athrú in ábhair mhaoine intleachtúla, a chumhdaítear in Airteagal 72(3) de Rialachán 2017/1001, arb é is aidhm dó a áirithiú go n-urramóidh daoine aonair a gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach sa réimse sin.
- 72 Dá bhrí sin, ní mór seasamh leis an dara cuid den tsaincheist dlí aonair freisin.
- 73 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní mór seasamh leis an bhforas achomhairc aonair ina iomláine agus, dá bhrí sin, an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní.

An chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta

- 74 I gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chúirt, má chuirtear breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní, breithiúnas críochnaitheach a thabhairt san ábhar má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid, nó an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais.
- 75 Sa chás seo, measann an Chúirt nach gceadaítear le staid na n-imeachtaí breithiúnas críochnaitheach a thabhairt, ós rud é nár scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta ceachtar den dá shaincheist dlí a d'ardaigh Neoperl os a comhair, lena n-éilítear measúnú ar na fórais.
- 76 Dá bhrí sin, ní mór an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

Costais

- 77 Ós rud é gur tarchuireadh an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, ní mór na costais a bhaineann leis na himeachtaí achomhairc a fhorchoimeád.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

- 1. Cuirtear breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 7 Nollaig 2022, *Neoperl v EUIPO (Léiriú ar ionsáiteán sláintíochta sorcóireach)* (T-487/21, EU:T:2022:780), ar neamhní.**
- 2. Tarchuirtear Cás T-487/21 ar ais chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh.**
- 3. Forchoimeádtar na costais.**

Sínithe